# Óid Feise Ṫírċonaill
## i gCloiċ-Ceann-Ḟaolaiḋ,
## 1924.

A ċáirde mo ċléiḃ, 'sé ḃur mbeaṫa go léir,
Ó ṫuaṫtaí 's ó ċéin Cloiċ-Ceann-Ḟaolaiḋ,
Céad fáilte roim' ġaċ duine ó lár tíre 's ċois tuinne,
Ar oileáin, gleanntaí, a's cinn-tíre maola;
Táimid cruinniġṫe inḋiu i n-ár mílte go tiuġ
Le deaġ-ċruṫ a ċur ar ár dteangaiḋ,
Le n-a cur i n-árd-réim, i gcleaċtaḋ, 's i bfeiḋm,
'S beiḋ cabair Dé linn, óir is sin obair beannuiġṫe.

Ḃí tréimse d'ár saoġal a raḃ 'n Ġaeḋilic i mbaoġal,
Ḃaḋ é'n t-éag a síl daoine 'ḃí i ndán dí,
Aċt míle altú do'n Ríġ gur tarrṫalaḋ í
A's gur fágaḋ beo, bíoḋgaṁail, a's slán í;
Gaċ Míleaḋ breaġ fíor a tá dílis d'a tír
Beiḋ sé buiḋeaċ go fíor do'n tréan-ḋream sin
A d'oibir go cruaiḋ ó ḋeas a's ó ṫuaiḋ
Gur buaiḋ siad d'ár dteangaiḋ ṡan am sin.

Annseo ins an Ġaeḋealtaċt ar ndóiġe níor ḃféidir
Go dtréigfiḋ caint Pádraic a's Ḃriġde,
Go mbéiḋiḋ ag éileaṁ gur léigimíd dí laġdú,
Nó go mbeaḋ sí 'na cúis magaiḋ nó sníḋe;
An ċaint 'bíoḋ go laeṫaṁail ḋá spreagaḋ le h-éifeaċt
Ag taoisiġ, ag éigsí, 's ag ríġṫí,
Ag laoċraiḋ 's luċt léiġinn, ár sean-ṫeanga binn féin,
Cé 'déarfaḋ go séanfaiḋ í 'coiḋċe?

Nár ġránna an cás dá leigfiḋ do'n ḃás
  A ṫeaċt ar ár dteangaiḋ ársa, uasail,
An Béarla 'beiṫ 'fás a's ag glacaḋ a h-áit'
  A's le ceann árd go dána ag gluaiseaċt;
An Béarla 'san ṗárlúr ċois teineaḋ ag clár breaġ,
  'S an Ġaeḋilic le táir ag maide-'n-dorais,
Diúltaḋ do ḃainrioġain a's umlaḋ do stáróig,
  Baḋ duḃ-náire é naċ dtiocfaiḋ fáġail ṫairis.

Ní h-é sin mar ḃéas aċt ġeoḃaiḋ na Gaeḋil léigeas
  Ar an ċréaċt 'bí le fada 'ġá milleaḋ,
An Gallḋaċas bréan a ṫug mío-áḋ a's léan
  Ṫar an sáile — tóir ċréan air gan pilleaḋ!
Do ḋall sé ár péarsún a's loit sé ár gcéadfaiḋe
  A's d'ḟág sinn gan éifeaċt dairírib,
An méid sin fá ċéad ní h-é 'n seiseaḋ-cuid-déag
  D'á dearn sé de léirscrios d'ár dtírín.

Ṫainic droċ-ḃéasa na nGall leis an Ḃéarla anall,
  Aċt tá súil agam 'san ball seo naċ buan iad,
Neaṁ-ġlaine, droċ-ċaint, an ġoiḋ, a's an tsaint,
  Óċ, gráin orṫa, caiṫimis uainn iad!
Ólaċán, bród, a's siuḃal-oiḋċe na ród,
  Ní nósa 'baḋ dual do Ġaeḋil iad,
Ag tabairt mionna-mór a's ag léiġeaḋ droċ-leabar,
  O, ruaigimis amaċ le déaġ-ċéill iad!

Raṫ Dé beiḋ sé orainn 's i bḞlaiṫeas geal-ċoróin
  Má ċleaċtfaimid forain ár sinnsear,
A nósa 's a gcáil bíoḋ siad 'gcoṁnuiḋe le fáġail
  A's díḃrimis a malairt ṫar tuinn soir;
Cráiḃṫeaċt a's féile a's dáiṁ le n-a ċéile,
  Cneastaċt a's tádbaċt d'ár gcineaḋ,
Déaġ-ċroiḋe d'ár gcoṁursain, 's é sílim nár mór sin —
  Sin i gcoṁnuiḋe 'san t-sean-am mar rinneaḋ.

Is iomda sin mód ar a dtiocfaḋ linn tabairt
  A ṫabairt leis an tír do aṫ-Ġaedealú,
Le dóiġeannaí cóire mar ár sean-sinnsir móra
  A bíoḋ fadó ag treórú 's ag riaġlú;
Dá mbéaḋ deántúsa dúṫċais i gceannaċt 's i n-úsaid
  I ngaċ ceárn a's gaċ clúid ar fud Éireann,
Béaḋ saoṫrú go leor ag beag a's ag mór,
  'S béaḋ sóġ, sonas, a's stór d'á réir ann.

Bímís dlúṫ i gcionn léiġinn agus umal d'ár riaġal féin
  A's do ḋliġeaḋ Eaglais' Dé mar a gcéadna,
Mar sin béimíd séanmar 's ní h-eagal dúinn géiḃeann
  Cé'r biṫ am a dtiocfaid 'n uair déiġeannaċ;
Má ġnímid mar seo mar ár sinnsir fadó,
  Arís d'ár dtír béimíd ag tuilleaṁ
Na clú maiṫ móire 'fuair sí ṡan aois órda —
  "Oileán glórmar na Naoiṁ a's na n-Ollaṁ".

Antoine Ó Dóċartaiġ.

An Fálcarraċ.